



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.11.2023
C(2023) 7732 final

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 22.11.2023

lena gceartaítear Rialachán (AE) 2022/2473 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach do ghnóthais atá gníomhach i dtáirgeadh, i bpróiseáil agus i margú táirgí iascaigh agus táirgí dobharshaothraithe comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 22.11.2023

lena gceartaítear Rialachán (AE) 2022/2473 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach do ghnóthais atá gníomhach i dtáirgeadh, i bpróiseáil agus i margú táirgí iascaigh agus táirgí dobharshaothraithe comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 108(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/1588 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i leith catagóirí áirithe stáitchabhrach cothrománaí¹, agus go háirithe Airteagal 1(1), pointí (a) (i), (ii), (vi) agus (vii) agus (x) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Stáitchabhair,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá earráidí teicniúla i Rialachán (AE) 2022/2473 ón gCoimisiún² a dhéanann difear d'ábhar fhorálacha ábhartha an Rialacháin sin. Baineann na hearráidí sin le crostagairtí a bhí mícheart nó a fágadh ar lár agus le heasnamh.
- (2) Bíonn tionchar ag na hearráidí ar na coinníollacha maidir le stáitchabhair a dhíolmhú de bhun Airteagal 1(7), Airteagal 6(5), Airteagal 11(3), Airteagal 12(1) agus (7), agus Airteagal 52(4) agus Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) 2022/2473 agus Iarscríbhinn III a ghabhann leo. Is iomchuí, dá bhrí sin, na forálacha sin a cheartú.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2022/2473 a cheartú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartaítear Rialachán (AE) 2022/2473 mar seo a leanas:

- (1) In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

‘(a) scéimeanna cabhrach dá dtagraítear in Airteagail 20, 21, 24, 26 go 30, 33, 43, 46, 48, 50 agus 52, i gcás ina gcomhlíonann siad coinníollacha Airteagal 12, tar éis 6 mhí tar éis dóibh teacht i bhfeidhm. Mar sin féin, féadfaidh an

¹ IO L 248, 24.9.2015, lch. 1.

² Rialachán (AE) Uimh. 2022/2473 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2022 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach do ghnóthais atá gníomhach i dtáirgeadh, i bpróiseáil agus i margú táirgí iascaigh agus táirgí dobharshaothraithe comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (IO L 327, 21.12.2022, lch. 82).

Coimisiún a chinneadh go leanfaidh feidhm de bheith ag an Rialachán seo maidir le scéim cabhrach ar feadh tréimhse is faide ná 6 mhí tar éis di teacht i bhfeidhm, tar éis measúnú a dhéanamh ar an bplean meastóireachta ábhartha ar thug an Ballstát fógra don Choimisiún ina leith. Agus na pleananna meastóireachta á gcur isteach, cuirfidh na Ballstáit isteach freisin an fhaisnéis go léir a bheidh de dhíth ar an gCoimisiún chun measúnú a dhéanamh ar na pleananna meastóireachta agus chun cinneadh a ghlacadh;

(b) aon athrú ar na scéimeanna dá dtagraítear i bpointe (a) seachas modhnuithe nach féidir leo difear a dhéanamh do chomhoiriúnacht na scéime cabhraí faoin Rialachán seo nó nach féidir leo difear suntasach a dhéanamh d'ábhar an phlean meastóireachta fhormheasta.';

(2) in Airteagal 6(5), cuirtear an méid a leanas in ionad phointí (a) go (d):

‘(a) cabhair mar chúiteamh ar na costais a bhaineann le galair ainmhithe a chosc, a rialú agus a dhíothú, má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 42;

‘(b) cabhair chun an damáiste a tharlaíonn de dheasca tubaistí nádúrtha a shlánú, má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 49;

(c) cabhair chun an damáiste a tharlaíonn mar gheall ar theagmhais dhíobhálacha aeráide atá inchurtha le tubaistí nádúrtha a shlánú, má chomhlíontar na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 51;

‘(d) cabhair chun an damáiste a tharlaíonn de dheasca ainmhithe cosanta a shlánú, má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 53;’;

(3) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo maidir le cabhair a dheonófar do thionscadail CLLD dá dtagraítear in Airteagal 55.’;

(4) Ceartaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Beidh an scéimeanna cabhrach dá dtagraítear in Airteagal 1(7) faoi réir meastóireacht *ex post* más rud é go bhfuil buiséad stáitchabhrach nó caiteachais acu atá os cionn EUR 150 milliún in aon bhliain ar leith nó EUR 750 milliún thar a dtréimhse iomlán, i.e. comhfhad na scéime cabhraí agus aon scéim cabhrach a bhí ann roimhe sin lena gcumhdaítear limistéar geografach oibiachtúil comhchosúil, ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh. Ní bheidh gá le meastóireachtaí *ex post* ach amháin i gcás scéimeanna cabhrach ar mó a ré iomlán ná 3 bliana, ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Cuirfear an tuarascáil mheastóireachta chríochnaitheach faoi bhráid an Choimisiúin 9 mí ar a mhéad roimh dhul in éag na scéime cabhrach díolmhaithe. Féadfar an tréimhse sin a laghdú i gcás scéimeanna cabhrach lena spreagtar an ceanglas meastóireachta sa 2 bhliain dheireanacha de chur chun feidhme na scéime cabhrach. Leagfar amach an raon feidhme beacht agus na socruithe do gach meastóireacht sa Chinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar an plean meastóireachta. San fhógra faoi aon bheart cabhrach ina dhiaidh sin a bhfuil cuspóir comhchosúil aige, ní mór cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar cuireadh torthaí na meastóireachta san áireamh.’;

- (5) in Airteagal 52, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:
- ‘4. Ní bheidh an méid cabhrach a dheonófar faoin Airteagal seo níos mó, i gcoibhéis deontais chomhláin, ná an t-uasráta déine cabhrach de 100 % de na costais incháilithe.’;
- (6) in Airteagal 54, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
- ‘2. Cabhair le haghaidh na gcostas a thabhaíonn bardais atá ag glacadh páirt i dtionscadail CLLD, dá dtagraítear in Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2021/1060 agus arna cur chun feidhme faoin gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe i bhfabhar tionscadail dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, beidh sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE agus beidh díolúine aici ón gceanglas fógra a thabhairt atá in Airteagal 108(3) CFAE, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo agus i gCaibidil I den Rialachán seo.’;
- (7) in Iarscríbhinn III, cuirtear an méid a leanas in ionad an tríú mír:
- Foilseofar an fhaisnéis a leanas maidir le dámhachtainí cabhrach aonair dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (c):
- (a) tagairt d’uimhir aitheantais na cabhrach*;
 - (b) aitheantóir an tairbhí**;
 - (c) an cineál fiontair (FBM/fiontar mór) ar an dáta a dheonaítear an chabhair;
 - (d) an réigiún ina bhfuil an tairbhí lonnaithe, ar leibhéal NUTS II*** agus, más infheidhme, na réigiúin is forimeallaí nó na hoileáin bheaga Aeigéacha;
 - (e) earnáil na gníomhaíochta ar leibhéal ghrúpa NACE****;
 - (f) ionstraim cabhrach, arna sloinneadh mar mhéid iomlán san airgeadra náisiúnta*****;
 - (g) ionstraim cabhrach***** (deontas/fóirdheontas ráta úis, iasacht/airleacain inaisíochta/deontas inaisíochta, ráthaíocht, buntáiste cánach nó díolúine chánach, maoiniú riosca, eile*****);
 - (h) dáta deonaithe na cabhrach;
 - (i) cuspóir na cabhrach*****;
 - (j) an t-údarás deonaithe.

* Arna soláthar ag an gCoimisiún faoin nós imeachta leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 11 den Rialachán seo.

** I bhfianaise an leasa dhlisteanáigh i dtrédhearcacht maidir le faisnéis a chur ar fáil don phobal, agus measúnú a dhéanamh ar na riachtanais trédhearcachta leis na cearta faoi na rialacha cosanta sonraí, cinneann an Coimisiún go bhfuil údar cuí le hainm thairbhí na cabhrach a fhoilsiú nuair is duine nádúrtha nó duine dlítheanach é tairbhí na cabhrach agus go bhfuil ainm duine nádúrtha aige (féach C-92/09, Volker und Markus Schecke agus Eifert, mír 53), agus Airteagal 49(1)(g) de Rialachán 2016/679 á chur san áireamh. Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE. Is é is aidhm do rialacha

trédhearcachta comhlíonadh níos fearr, cuntasacht níos fearr, athbhreithniú piaraí agus, ar deireadh, caiteachas poiblí níos éifeachtaí a áirithiú. Beidh forlámhas ag an aidhm sin ar chearta cosanta sonraí daoine nádúrtha a fhaigheann tacaíocht phoiblí.

*** NUTS – Ainmníocht na nAonad Críche maidir le Staidreamh. De ghnáth, sonraítear an réigiún ar leibhéal 2.

**** Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialachán CE áirithe maidir le réimsí sonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

***** An choibhéis deontais chomhláin.

***** I gcás ina ndeonaítear an chabhair le níos mó ná ionstraim cabhrach amháin, soláthrófar an méid cabhrach le hionstraim cabhrach.

***** I gcás ina ndeonaítear an chabhair le hionstraimí cabhrach eile, sonrófar na hionstraimí cabhrach.

***** I gcás ina bhfuil cuspóirí iomadúla ag an gcabhair, soláthrófar an méid cabhrach le cuspóir.’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22.11.2023

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN